

2007 - 2011

Plean Oidhreachta

LUGHAÍ

2007 - 2011



Fóram Oidhreachta Lughai



Plean Oidhreachta

LUGHAÍ

2007 – 2011

Fís straitéiseach le haghaidh Oidhreachta Lugháí a bheidh bunaithe ar chomhpháirtíocht

Arna forbairt ag Fóram Oidhreachta Lugháí, Arna éascú ag Údaráis Áitiúla Lugháí

AN
CHOMHAIRLE
OIDHREACHTA




THE
HERITAGE
COUNCIL

focail bhuíochais

Is mian le Fóram Oidhreachta Lughái aitheantas a thabhairt don obair a rinne agus don chúnamh a fuarthas ó fhoireann na Comhairle Contae (agus an t-Oifigeach Oidhreachta, an t-Oifigeach Caomhantais, Coimeadaí Mhúsaem an Chontae, Cartlannaí an Chontae, Leabharlann an Chontae agus an rannóg Pobail agus Fiontraíochta den Chomhairle i gcoitinne) le linn phróiseas forbartha an Phlean Oidhreachta.

Ba mhaith le hÚdaráis Áitiúla Lughái a mbuíochas a ghabháil leis an gComhairle Oidhreachta as a gcúnamh airgeadais chun Oifigeach Oidhreachta a fhostú ó lúil 2005 i leith agus as tionscadail a chistiú sna blianta 2005 agus 2006.



D'eolas breise, déan teagmháil le:
Breandán Mac Séarraigh
Oifigeach Oidhreachta
Comhairle Chontae Lughái
Halla an Chontae
DÚN DEALGAN
Contae Lughái
ÉIRE

Teil: 042 932 4109

Nó le ríomhphost chuig:
brendan.mcsherry@louthcoco.ie

www.louthcoco.ie

www.louthheritage.ie

Fuarthas tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Phlean Oidhreachta Lughái, do shonraí breise déan teagmháil leis an gComhairle Oidhreachta ag:

An Chomhairle Oidhreachta,
CILL CHAINNIGH
ÉIRE

Teil: 056 7770777

Faics: 056 7770788

Ríomhphost:

mail@heritagecouncil.com

Láithreán Gréasáin:

www.heritagecouncil.ie



Buíochas lena griangraif do:

- Aude Laffon
- Breffni Martin
- Breandán Mac Séarraigh
- Clive Timmons
- Louth Hospitality
- An Coimisiún um Scannáin, Lughái, An Iúir agus mhoirn

clár ábhar

Clár Ábhar	Lch.
Réamhrá –	2
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Fhóram Oidhreachta Lughai	
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae Lughai	
Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae	
Túseolas	4
Leagan Amach an Phlean	6
Oidhreachta Lughai	8
Cuspóirí agus Gníomhartha	16
Aguisíní	
Comhaltas Fhóram Oidhreachta Lughai & na nGrúpaí Oibre	24
Comhaltaí breise de na Grúpaí Oibre	25
Iad siúd a ghlac páirt sa chomhairliúchán poiblí	26
Reachtaíocht Náisiúnta agus Reachtaíocht de chuid an AE a bhaineann le hábhar	28
Coinbhinsiún Idirnáisiúnta	
Leabharliosta	30



Teachtaireacht ó Chathaoirleach Fhóram Oidhreacht Lúghaí

Is mór an onóir domsa, mar Chathaoirleach ar Fhóram Oidhreacht Lúghaí, céad Phlean Oidhreacht Lúghaí a chur i do láthair. Cuireadh an plean i dtoll a chéile tar éis mórchuid oibre ag an Oifigeach Oidhreacht, comhaltaí eile d'fhoireann Údaráis Áitiúla Lúghaí, comhaltaí an Fhóram Oidhreacht agus a ghrúpaí oibre gaolmhara agus ag na daoine éagsúla (breis is 70) a d'fheastail ar na cruinnithe comhairliúcháin phoiblí nó a rinne aighneacht scríofa (breis is scór) maidir le forbairt an phlean. Ionadaithe de chuid éagsúlacht mhór eagraíochtaí ab ea na daoine seo: údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí an rialtais lárnaigh; comhlachtaí reachtúla eile; eagraíochtaí neamhrialtasacha; grúpaí áitiúla pobalbhunaithe; agus, minic go leor, iad féin amháin, mar shaoránaigh indibhidúla a dhéanann cúram de shocruithe a dhéanamh chun go dtabharfar do na glúnta atá le teacht scoth a bhfuairamar féin mar oidhreacht. Leo siúd go léir a ghlac páirt sa phróiseas agus leo siúd a bheidh páirteach i gcur chun feidhme an Phlean idir seo agus 2011, gabhaim buíochas ó chroí.

An Comhairleoir Declan Breathnach



Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae Lúghaí

Tá níos mó i gceist in oidhreacht Lúghaí ná na caisleáin, na fothracha de shéipéil agus mainistreacha a shamhlaíonn mórchuid daoine leis an bhfocal 'oidhreacht'. Lena chois sin, tá líne chósta cosanta a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta léi agus a bhfuil léirthiscint ag mórchuid daoine air, mar aon leis an bhfiadhúlra a ghabhann léi, na tírdhreacha, an geolaíocht agus an seandálaíocht. Braithim go láidir gur chóir an oidhreacht a chaomhnú sa chéad áit do mhuintir an chontae, na daoine sin atá tar éis cur fúthu ann. Is minic nach ndéanann sinne, na 'dúchasaigh' aonrudmórdenoidhreacht a bhí mar chúla lenár saoil nó go mbíonn sé ró-dhéanach é a chosaint ar an síorthóir ar nua-aimsearthacht agus ar fhorás. Tá riméad orm a bheith ag tacú leis an bplean oidhreacht seo a chuireann lenár bhfeasacht ar an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha atá mórthimpeall orainn agus ina ngeallaimid í a chosaint ar son na nglúnta a thíocfaidh inár ndiaidh. Gabhaim buíochas leis an gComhairle Oidhreacht as a dtacaíocht deontais flaithiúil go dtí seo agus tá súil agam go mairfidh an dea-ghaol oibre idir Údaráis Áitiúla Lúghaí agus an Chomhairle Oidhreacht go ceann i bhfad chun tairbhe an dá thaobh.

An Comhairleoir Jim Lennon

Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae, Údaráis Áitiúla Lúghaí

Nuair a rinneadh Bainisteoir Contae díom sa bhliain 2003, bhí caomhnú na hoidhreacht ar cheann de na tosaíochtaí a d'aithin mé d'obair Údaráis Áitiúla Lúghaí. Cé nach de bhunadh Lúghaí mé féin, tuigim an cion atá muintir an chontae seo ar a n-áit dúchais, agus mar sin fearaim fáilte roimh an chéad phlean oidhreacht seo do Lúghaí mar thús le ré nua do chosaint, do bhainistiú agus d'fheabhsú oidhreacht Lúghaí. Tá gealltanais tugtha ag Comhairle Chontae Lúghaí agus ag na Comhairlí eile sa Chontae, iad siúd i mBuirg Dhroichead Átha agus i mbailte Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Dealgan, go gcuirfidh siad an plean chun feidhme in imeacht na chéad cúpla bliain eile, chomh fada is a bhíonn acmhainní ann chuige. Ach ní féidir leis na Comhairlí an plean seo a chur chun feidhme ina n-aonar. Ní amháin go bhfuilimid tearc ar fhoinsí chun an obair riachtanach go léir a chur i gcrích ach ní ceadmhach dúinn míreanna oidhreacht a bhainistiú atá suite ar thailte daoine eile. Má tá rath le bheith ar an bplean seo, mar is dóigh liom go mbeidh, ní mór do na páirtithe sóisialta ar fad páirt ghníomhach a ghlacadh ann i gcomhpháirtíocht, chun na leasa coitianta agus thar aon ní eile, beidh gá againn leatsa mar dhaoine ar cás leo oidhreacht Lúghaí. Mar fhocal scoir ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt an Phlean seo, go háirithe an Chomhairle Oidhreacht, a chuir ar chumas Údaráis Áitiúla Lúghaí ár n-Oifigeach Oidhreacht a fhostú ó Iúil 2005 i leith agus a chuir cistiú ar fáil cheana féin do roinnt mhaith tionscadal sa chontae.

Martina Moloney

Ar clé: An Comhairleoir Declan Breathnach, Cathaoirleach, Fhóram Oidhreacht Lúghaí

Lár: An Comhairleoir Jim Lennon, Cathaoirleach, Comhairle Chontae Lúghaí

Ar dheis: Martina Moloney, Bainisteoir an Chontae, Údaráis Áitiúla Lúghaí

túseolas

An Mhainistir Mhór

Ba é Naomh Maoileachlainn Ard Mhacha a bhunaigh an chéad mhainistir Cistéirseach in Éirinn sa bhliain 1142. An ghné is suntasaí fúithi ná an lavabo ochtagánach a rinneadh thart ar 1200. In Ionad na gCuairteoirí gheofar taispeántas spéisiúil ar obair na saor sna Meánaoiseanna mar aon le samplaí breátha dá gceardaíocht.



Túseolas

Clúdaíonn céad Phlean Oidhreachta Lughai seo an contae ar fad, is é sin, limistéar riaracháin Chomhairle Chontae Lughai, mar aon le Buirg Dhroichead Átha agus na bailte féinrialaithe de Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Dealgan.

Bíodh is gur éascaigh Údarás Áitiúla Lughai forbairt an Phlean Oidhreachta seo, le cistiú flaithiúil agus tacaíocht ghairmiúil ón gComhairle Oidhreachta, ní cáipéis de chuid na Comhairle í, sa chiall is cruinne, mar is amhlaidh i gcás an Phlean Forbartha Contae. Cáipéis neamhrechtúil is ea an Plean arna réiteach ag Fóram Oidhreachta Lughai. Tá sí comhdhéanta de phlean oibre aontaithe comhpháirtíochta cúig bliana ina mbeidh mórchuid eagraíochtaí páirteach (eagraíochtaí deonacha, páirtithe sóisialta, eagraíochtaí reachtúla agus údarás áitiúla) mar aon le daoine a bhfuil baint dhíreach acu le hoidhreacht Lughai.

Riachtanais Rialtais maidir le Pleananna Oidhreachta Contae

Faoin bPlean Náisiúnta Oidhreachta (arna fhoilsiú ag an Rialtas in Aibreán 2002), tá ceanglas ar gach údarás áitiúil Fóram Oidhreachta a bhunú agus Plean Oidhreachta (Gníomh 1.1) a sholáthar agus Oifigeach Oidhreachta a fhostú (Gníomh 1.4). Forbraíodh Plean Oidhreachta Lughai seo le tacaíocht na Comhairle Oidhreachta, a bunaíodh faoin Acht Oidhreachta, 1995. Clúdaíonn anchéad Phlean Oidhreachta seo gach gné den oidhreacht náisiúnta a dtagraítear dó san Acht sin.

séadchomharthaí; déantáin seandálaíochta; déantáin oidhreachta; oidhreacht seandálaíochta; plandaí; fiadhúlra; gnáthóga fiadhúlra; tírdhreacha; muirdhreacha; fothracha; geolaíocht; gairdíní agus páirceanna oidhreachta agus bealaí uisce intíre.

Le cois na saincheisteanna seo, clúdaíonn Plean Oidhreachta Lughai ábhair eile a d'aithin muintir Lughai mar chuid dá n-oidhreacht.

Aidhm phlean oidhreachta Lughai

"An aidhm atá le Plean Oidhreachta Lughai ná caomhnú, bainistiú agus forbairt bháil oidhreacht an chontae a chomhordú agus mórtas pobail a spreagadh i bhfeidhmiú an Phlean mar aon le freagrecht as."

Ábhar an Phlean Oidhreachta

Plean straitéiseach, creata is ea an Plean Oidhreachta a ceapadh don chontae ar fad. Tá trí cinn de chuspóirí straitéiseacha inti, agus i gcás gach ceann díobh seo, cuirfear sraith gníomhartha i gcrích ar bhonn aontaithecomhpháirtíochta, in imeacht tréimhse cúig bliana (2007 go 2011). Níl aon "tionscadail" sa phlean atá sainiúil ó thaobh suímh nó amscála de. Is é an fóram oidhreachta a chinnfidh na tionscadail, na buiséid, na hamscálaí, na gníomhaireachtaí treoracha agus na comhghníomhaireachtaí a bheidh i gceist. Déanfar é sin gach bliain agus beidh siad le léamh sna pleananna feidhmiúcháin bliantúla. Nuair a bhí an Plean á fhorbairt,

díríodh ar na tosaíochtaí oidhreacha a d'aithin muintir Lughai agus ar an obair a d'fhéadfaí a chur i gcrích, leis na hacmhainní atá ar fáil, chun an oidhreacht seo a chaomhnú agus a fheabhsú.

Ról an Fhórait Oidhreachta

Chun dlisteanacht, uilechuimsitheacht agus, go háirithe, cur chun feidhme an Phlean Oidhreachta a chinntiú, ba é Fóram Oidhreachta an Chontae a dhréachtaigh. Ainmníodh comhaltaí an Fhórait ó raon leathan eagraíochtaí agus grúpaí (féach Ich. 24 le haghaidh sonraí).

Is é an Fóram an chéad mhír de chur chuige comhpháirtíochta i leith chaomhnú oidhreacht Lughai. Tá sé tábhachtach go dtacódh gach duine a bhfuil baint acu le hoidhreacht Lughai leis an bPlean. Cé gur éascaigh Údarás Áitiúla Lughai soláthar an phlean, ní bheidh ar a gcumas na bearta ar fad i gclár casta mar é a chur i ngníomh gan chabhair. Nuair a bheidh an Plean aontaithe, iarrfar orthu siúd atá ar an bhFóram agus orthu siúd a bhí páirteach sa chomhairliúchán tacú leis an bPlean agus a n-acmhainní féin a ghealladh i leith aidhmeanna agus cuspóirí an phlean a shroicheadh. Lena chois sin, lorgófar comhpháirtíochtaí le daoine agus le forais i gcontaetha eile (sna sé chontae san áireamh), agus go hidirnáisiúnta, ar spéis leo a bhfuil beartaithe againn.

roinn
03

leagan amach an Phlean seo

Cnoc an Mhuilinn

Tá Músaem Bhaile Dhroichead Átha suite i gCnoc an Mhuilinn, mar a dtugann cnuasach d'fhoirgnimh bhreátha mar aon le túr Martello radhairc fairsinge ar an mbaile agus ar Ghleann na Bóinne máguaird.

www.millmount.net



Leagan Amach an Phlean Seo

Cuirtear na gníomhartha sa Phlean seo i láthair faoi thrí chinn de 'Eochair-réimsí Feidhmíochta', arb é sin an leagan amach is fearr leis an gComhairle Oidhreachta. Tugann an cur chuige seo le chéile na gníomhaíochtaí ar fad is cosúil lena chéile, beag beann ar na hábhair oidhreachta a mbaineann siad leo. Mar shampla, cuirtear le chéile gach gníomh a bhaineann le bailiú, stóráil agus cur i láthair (nó infhaighteacht) eolais phríomha, beag beann ar cibé an mbaineann an t-eolas le, mar shampla, seanséipéil, cairéil, bogaigh nó leabharlanna.

ERF 1: Fáil agus bainistiú sonraí príomha

An chéad chéim de réir loighce ná a shocrú cad iad na sonraí oidhreachta príomha, fíriciúla atá ag teastáil, cad atá ar fáil, cá bhfuil na sonraí atá ann suite agus cén fhoirm ina bhfuil siad stóráilte. I ndiaidh an mhéasúnaithe tosaigh seo tig linn a shocrú cad é an t-eolas breise a bheas le bailiú nó cén taighde a bheas ag teastáil agus conas is féidir na sonraí amha oidhreachta sin a chur ar fáil go díreach do shainúsáideoirí gairmiúla (taighdeoirí, comhlachtaí stáit, údaráis áitiúla).

ERF 2: Léirmhíniú na sonraí agus bainteacht níos mó ag an bpobal

Is féidir an t-eolas a fhaightear ó na sonraí príomha oidhreachta seo, a d'fhéadfaí sonraí oidhreachta "tánaisteacha" nó "léirmhínithe" a thabhairt orthu, a chur ar fáil ansin do dhá cheann de ghrúpaí úsáideoirí. An chéad ghrúpa, atá mar ábhar le ERF 2, is ea an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear: cónaitheoirí áitiúla, feirmeoirí agus úinéirí talún eile, páistí scoile, siúlóirí sléibhe, lucht léite nuachtán, etc. cuairteoirí ó áiteanna eile sa tír agus turasóirí ón gcoigríoch. Mar a bhaineann sé le léirmhíniú phoiblí agus bainteacht an phobail, an aidhm ná cur le:

i) feasacht an phobail ar an oidhreacht, ar a meas uirthi agus an pobal a dhéanamh níos cúramaí faoina caomhnú agus faoin taitneamh atá le baint aisti, agus

ii) líon na ndaoine a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oidhreachta, lena n-áirítear lucht freastail ar imeachtaí, saorálaithe agus daoine a chuireann eolas, doiciméid nó déantáin ar aghaidh go dtí na húdaráis chuif.

ERF 3: An cleachtas reatha a fheabhsú

An dara spriocghrúpa (nó lucht úsáidte) ná cleachtóirí gairmiúla, daoine a mbíonn tionchar acu ar an oidhreacht ar bhealaí suntasacha agus ar mian linn go mbeadh dearcadh níos báula

acu i leith na hoidhreachta. Daoine iad seo a bhfuil sé de chumas iontu trína ngnáthghníomhaíochtaí oibre ó lá go lá agus a ngnáthchleachtas gnó damáiste a dhéanamh don oidhreacht nó bail níos fearr a chur uirthi. Sa chatagóir seo tá: comhaltaí tofa agus foireann na h-údaráis áitiúla (lena n-áirítear pleanálaithe, innealtóirí limistéir, sláinteachais, bóithre agus tithíochta, múinteoirí, feirmeoirí, foireann Teagaisc, an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Coillte agus na Boird Iascach chomh maith le comhairleoirí agus conraitheoirí príobháideacha talmhaíochta, lucht pleanála Scéimeanna Cosanta Thimpeallacht na Tuaithe, tógálaithe agus forbróirí, ailtirí, gníomhaithe pleanála agus eastáit agus dlíodóirí. D'fhéadfadh úinéirí tí, úinéirí talún eile agus tógálaithe tithe neamhthráchtála príobháideacha a bheith sa chatagóir sin chomh maith. An rud atá i gceist le cleachtas reatha a fheabhsú ná cleachtais nua (agus tionscadail nua) nár cuireadh i gcrích cheana sa cheantar seo a ghlacadh. D'fhéadfadh go mbeadh soláthar boscaí éin nó ialtóige, nó bainistiú réamhghníomhach ar láithreáin chothaithe éan i gceist anseo, sin nó rochtain níos fusa ar láithreáin oidhreachta agus forbairt cosán agus limistéar glais, i gcomhar le húinéirí talún tacaíocha.

Breandán Mac Séarraigh
Oifigeach Oidhreachta
Údaráis Áitiúla Lugháí
Nollaig 2006



oidhreacht lughai



Oidhreacht Lughai



Barr: Tarbhealach Mhic Néill thar an mBóinn, Droichead Átha

Lár: Foracha Dubh ag Cé Gyles

Bun: Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia

Ar Dheis: Léarscáil de Limistéir Oidhreachta Lughai

Áit is ea Lughai ina bhfuil mórán contrárthachtaí. Is é an contae is lú in Éirinn é ach tá dhá cheann de na bailte cúigeacha is mó sa Stát inti. Tá an 'Contae Bídeach' seo atá suite i lár baill idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, suite i gceartlár gheilleagar an oileáin seo agus é trasnaithe ag príomhnaisc náisiúnta bóthair agus iarnróid óna bharr go dtí a bhun. Ba é Great Northern Works Dhún Dealgan an ceannródaí náisiúnta innealtóireachta iarnróid le fada an lá, agus is cinnte gurb é an éacht innealtóireachta iarnróid ba shuaithinsí riamh in Éirinn ná tarbhealach iontach Mhic Néill thar an mBóinn ag Droichead Átha. Athbheochadh agus neartaíodh traidisiún fada innealtóireachta Lughai sna blianta deireanacha. Idir 1996 agus 2002 tháinig fás ollmhór de 10% ar an daonra, ó 92,166 go 101,821, agus mhéadaigh sé de naoi faoin gcéad nach mór go 110,894 sa bhliain 2006, arb ionann é agus méadú de bhreis is 20% in imeacht deich mbliana.

I measc na dtionscal déantúsaíochta is iomráití i Lughai tá an bhríbhéireacht, atá mar léiriú ar mhéithe na tailte feirmeoireachta sa chontae. Contae tirim, grianmhar, oirthearach is ea é ina bhfuil na rátaí táirgeachta talmhaíochta ard ó tá talamh feirme an chontae oiriúnach don speisialtú agus don dhianfheirmeoireacht atá ag éirí níos coitianta i gcónaí.

D'fhéadfadh sé seo go léir a thabhairt le fios gur contae plódaithe rí-uirbithe í Lughai le fíorbheagán spáis ghlais, ach ní fíor é sin in aon chor. Áit iontach is

ea Lughai don bhfiadhúlra, in ainneoin go bhfuil fás mór ag teacht ar an daonra inti, agus tá Bá Dhún Dealgan ar cheann den deich áit in Éirinn a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo i ngeall ar na héin chladaigh imirceacha a bhíonn le feiceáil iontu. Nuair a chuirtear limistéir mhara agus taoidmheara mar Inbhear na Bóinne san áireamh, tá ionann agus an seachtú cuid den 'Chontae Bídeach' ainmnithe faoi reachtaíocht Éireannach agus Eorpach do chosaint fiadhúlra, agus aithnítear go bhfuil cuid de na radhairc tíre, idir chósta agus shléibhe, is áille agus an éiceolaíocht is neamhloite sa tír i leithinis Chuaille agus i Loch Chairlinn.



Teach Beaulieu

Ceann de na samplaí is luaithe dá bhfuil againn de theach neamhdhaingnithe in Éirinn is ea Teach Beaulieu a tógadh idir 1660 agus 1666. Ailtire Ollannach a dhear agus ba é Sir Henry Tichbourne a thóg fad a bhí sé ina Mharascal ar an arm sasannach in Éirinn agus ina Ard-Ghobharnóir ar Dhroichead Átha le linn athghairm Shéarlas II. www.beaulieu.ie



Ar dheis: Léarscáil Gheolaíoch de Chontae Lughái

Barr: Teach Chairlinn

Lár: Geata i bhFochaird

Bun: Sráid Tholsel, Cairlinn



Éagsúlacht gheolaíoch is cúis le tírdhreach taitneamhach an chontae. Tá carraigeacha ón dtréimhse Siolúrach faoi bhun na talún i mórchuid den chontae atá mar chuid de massif an Longfoirt-an Dúin. Rinneadh na sceallaí agus gréabhaca seo atá 400 milliún bliain d'aois ó dhríodar domhainuisce, a leagadh síos ar fhánaí mór-rannacha agus ar ghrinneall aigéin ársa atá imithe anois (an Iapetus, a ainmníodh d'athair Atlas, ar ainmníodh an tAigéan Atlantach dósan). Bhí an t-aigéan seo suite idir próta-Eoraip agus próta-Meiriceá Thuaidh a dhruid i ngiorracht dá chéile agus a bhuail faoina chéile (go hiontach mall) ionas gur slogadh suas grinneall an aigéin eatarthu feadh líne a ritheann trasna na hÉireann ó Inbhear na Sionainne go Ceann Chlochair. Nuair a tharla an t-imbhualadh mór-rannach seo cruthaíodh bolcáin agus rinneadh sléibhte ábhalarda a bhí ar mhéad shléibhte Himalaya, ach creimeadh iad go gaineamh, glár, láib agus tailte méithe Lughái le himeacht aimsire.

I dtreo dheisceart an chontae, agus feadh na líne uaine mór-rannach, ardaíonn an talamh ina chnoic beaga, mar Chnoc Oirghialla, a bhfuil radhaire iontacha le fáil uaidh ó dheas, isteach i nGleann na Bóinne agus ó thuaidh ar an gcuid eile den chontae. Aolchloch agus carraigeacha eile ón dTréimhse Charbhónmhar Íochtair is mó atá faoi Ghleann na Bóinne, amhail áiteanna eile san Lár-Tíre na hÉireann.



Is éagsúil arís na carraigeacha sa chuid ó thuaidh den chontae, mar a bhfuil brúthcharraigeacha crua friotaíocha, a thugann dreach fisiceach atá difriúil ó dhreach an deiscirt. Tá níos mó i bpáirt ag leithinis Chuaille agus ag ceantair ghaolmhara bhrúthcharraigeacha i ndeisceart Ard Mhacha (Sliabh Guillinn siar ó thuaidh) agus ag na Beanna Boirche sa Dún (ó thuaidh agus soir ó thuaidh) ná ag an chuid eile de Lughái. Ag teacht aduaidh duit tá na trí raon sléibhte seo amhail baracáid ollmhór a dhéanann deacair é dul isteach in Ulaidh ón gcuid eile den tír, nó an í a mhalairt atá i gceist? Sa cheantar seo bhrúigh magma leáite aníos sa chianaimsir agus isteach sna 'carraigeacha tíre' a bhí cheana ann, mar ar fhuaraigh sé ina fhoirm sholadach tuairim is 56 go 58

milliún bliain ó shin. An clúdach de charraigeacha dríodair inar bhrúigh an magma suas ann a chéadair, tá sé ídithe ag creimeadh na ndeiceanna de mhiliún bliain, agus breis is Oighearaois amháin san áireamh, a d'fhág cnámha seo an tírdhreacha nochta ar dhromchla na talún.

Idir Shléibhte Chuaille agus na cnoic ó dheas, a scoilteann gleann na Bóinne ón gcuid eile den chontae, tá talamh feirme réchnocach ar mhachaire cósta leathan dea-uisithe. In oirthuaisceart an chontae, más ea, feictear crios droimníní dheisceart Uladh, toradh eile ar an Oighearaois, atá mar bhac eile idir an cúige ó thuaidh agus an chuid eile den tír. Níl na cnoic chuaracha créafóige seo ard ach foscann siad locha, portaigh agus riasca agus bhí siad riamh mar chosaint dhomhain bhreise ag teorainn ársa Uladh.

Siolraíonn mórchuid de na gnéithe is spéisiúla den timpeallacht ar de dhéantús an duine iad ó ról ársa Lughai mar chríoch teorann, traidisiún a dhátaíonn i bhfad siar go dtí an tréimhse réamhstairiúil, más féidir muinín a chur i ndáileadh na n-aicmí difriúla séadchomharthaí ársa, go háirithe uaimheanna talún ('scáthlái titime' meánaoiseacha). Leathnaíodh na bearnaí idir an bhac seo de chnoic agus portaigh agus locha le cré-foirt Iarannaoise, ar tugadh ainmneacha samhlaíocha orthu dá éis, cosúil le Díog na Muice Duibhe, Teilgean an Lochlannaigh agus na Doirse.


Dála cathracha Eorpacha áirithe, is ó Lugh 'dia Ceilteach na gréine' a fhaigheann an contae a ainm. Is iomaí tagairt don chontae i litríocht ársa na hÉireann, go háirithe sa Táin Bó Cuailgne, ina dtarlaíonn cath tubaisteach idir na deartháireacha altramais Cú Chulainn agus Feardia, seámpín "fhir na hÉireann" agus cosantóirí Uladh, a shín an uair sin fad leis an mBóinn. Tá Lughai mórtasach as na hiontais éagsúla atá ann ó stair eaglasta na tíre. Tá láithreáin mhainistreacha ann ó réanna éagsúla, amhail na mainistreacha 'Ceilteacha' luath-Chríostaí ag sráidbhailte Dhroim Ineasclainn agus Lughai agus an áit inar saolaíodh, de réir tuairisce, Naomh Bríd, n ó Muire na nGael, ag Fochart, idir Dún Dealgan agus an teorainn atá anois ann. Bhí Mainistir Bhuithe ar cheann de na príomhmainistreacha dúchasacha luath-Chríostaí, mar is léir ó na hardchroiseanna breátha atá fós inti, agus ba mar mharc ómóis a bhunaigh Naomh Maoileachlainn Ard Mhacha a chéad mhainistir Cistéirseach in Éirinn ar stíl na Mór-roinne san áit ar a dtugtar An Mhainistir Mhór, láimh le Mainistir Bhuithe, sa bhliain 1142.

Bhí an contae seo, ar athraíodh a ainm ó Oiriaila go Lughai níos déanaí, as sráidbhaile Lughai, a bhí uair amháin ina Shuí Easpaig, ar cheann den chéad sraith de chontaetha a bunaíodh ar thailte a ghabh na hionraitheoirí Angla-

Ar clé: Dealbhóireacht de Fheardia agus é ag iompar Cú Chulainn

Thíos: Léarscáil de Shéadchomharthaí Lughai





Barr: Aimiréal Dearg

Lár: Musaem an Chontae, Dún Dealgan

Bun: Athchruthú Chath na Bóinne

Normannacha ó na Gaeil ag deireadh an dóu haois déag. Ach nuair a theip ar na hAngla-Normannaigh Éire ar fad a ghabháil, go háirithe tuaisceart agus iarthar na hÉireann, fágadh Lughai beag agus faoi bhagairt ó ionradh ag na Gaeil. Lena chois sin, garastún agus pointe tosaigh ab ea é do ionraí Sasanacha ar Ulaidh (arbh cuid de Lughai é, an uair sin). Bhunaigh na hAngla-Normannaigh aon cheann déag de ‘Bhuirg’ ar fud an chontae, a ndearnadh bailte móra múrtha de roinnt díobh dá éis, bailte a bhfuil rath orthu fós (Baile Átha Fhirdhia, Cairlinn, Droichead Átha – a bhí tráth ina dhá bhaile ar leith, in dhá chontae ar leith, go dtí 1142 – agus Dún Dealgan), agus bailte eile atá tréigthe agus ligthe i ndearmad anois (mar shampla Caisleán Fhraing agus Caisleán Dhún Gall). Rinneadh cóilíneacht de Lughai, a bheag nó a mhór, agus d’fhan sé dílis don choróin Sasanach le linn na meánaoiseanna. Ar Lá Bealtaine 1316, rinne Éadbhard Brús, deartháir is lú aithne Roibeard, rí na hAlban, rí na hÉireann de féin i nDún Dealgan. Mharaigh na Sasanaigh dhá bhliain dá éis ag Cnoc Fochairt, in aice láimhe. Níos faide anonn sna meánaoiseanna, chúlaigh na Sasanaigh tuilleadh ionas gur sainmharcáladh an limistéar a bhí fós faoi smacht rialtas Shasana trí mhúr a chur in airde ar a raibh claí de chuailí géaraithe (páilíú). Bhí formhór Lughai laistigh den chóilíneacht athdhaingnithe seo, ar a dtugtar ‘An Pháil’ fós.

B’fhéidir gurb í a stair fhada lonnaíochta is cúis le hardchaighdeán na dtaifead poiblí sa chontae, a

chuirfeadh caighdeán thaifid Shasana i gcuimhne duit níos mó ná an laghad taifead atá fanta in Éirinn ó aimsir na gcogaí. Tuairiscíodh i dtuarascáil 1996 an Ghrúpa Stiúrtha Cartlanna (bunaithe ar shuirbhé de chartlanna poiblí) go raibh ag Lughai “roinnt mhaith cartlanna...ar ardchaighdeán... tá na cartlanna uirbeacha níos fearr i gContae Lughai ná in áiteanna eile; tá ceann de na bailiúcháin is mó agus is fearr dá bhfacthas ag Droichead Átha agus tá cartlanna Bhaile Átha Fhirdhia ar na cartlanna is sine sa tír. Tá taifid Choimisínirí Chalafoirt Dhroichead Átha ar na taifid is fearr dá gcineál sa tír chomh maith”. Tá cartlanna maithe príobháideacha ann chomh maith, atá an-luachmhar do thaighdeoirí.

Nuair a bhris cogaí amach ag deireadh an séú haois déag agus nuair a plandáladh Cúige Uladh go luath sa seachtú haois déag, bhí Lughai ansin i gCúige Laighean, lámh le teorainn nua, agus Ulaidh níos Briotanaí ó thuaidh, in ionad a bheith mar chuid de thailte Shasana ar imeall Ulaidh Gaelach. Ó 1922 i leith teorainn fhoirmiúil dlíthiúil a bhí sa teorainn seo, rud a chothaigh fadhbanna eile le deireanas. Tá deighilt cruthaithe aici chomh maith idir áiteanna a raibh oidhreacht shaibhir chultúrtha Oiriaila i bpáirt acu, sa Ghaeilge, san amhránaíocht, san fhilíocht agus sa cheol. Síneann ‘bealaí na bhfilí’ trasna na teorann ó dheisceart Ard Mhacha isteach i dtuaisceart Lughai, agus is léiriú iad ar an saol a bhí ag filí amhail Peadar Ó Dhoirín, údar ‘Úrchnoic Chéin Mhic Cáinte’ a bhfuil cáil idirnáisiúnta air.

Gairdíní Lios Dubhóige

Tá Gairdíní Lios Dubhóige suite dhá mhíle lasmuigh de Dhroichead Átha agus sé acra atá iontu. Is í an sárgharraíodóir, Patricia Barrows, a thugann aire dóibh agus bíonn sí ar fáil chun scéal an ghairdín álainn seo a insint duit. Gnéithe suntasacha ná an siúlóid labarnam, an chrannlann agus an plandú ar stíl Mhic Róibín.





Barr: Bailtíní Bhaile Mhic Scanláin

Lár: Meascra Fungas

Bun: Caisleán an Ghearlánaigh



Luaitear sa dán sin Cnoc Mhic Cáinte agus Cillín, lámh le Dún Dealgan.

Chuaigh tionsclú oirthuaisceart Éirinn, a shamhlaítear le Cúige Uladh amháin de ghnáth, chun sochair do Lugháí chomh maith. Bhí grán ag fás ar fud an chontae agus tá tionscal na bríbhéireachta agus na dríogaireachta fós láidir inniu. Díol iontais is ea é go raibh tionscal an línéadaigh níos láidre i ndeisceart an chontae (mar a ainmníodh ionad siopadóireachta nua Dhroichead Átha do 'Halla Scuitseála', láthair ar a ndearnadh an lín a scoitheadh mar chuid de bhá an línéadaigh.) Mar thoradh air sin tá oidhreacht shaibhir tionsclaíoch ag an gcontae i bhfoirm muilte agus droichid iarnróid, mar shamplaí.

Mar chríoch teorann, is iomaí cogadh a fearadh i Lugháí le linn na staire (agus sa tréimhse réamhstaire chomh maith, is dócha), lena n-áirítear ar na cogaí ba chluí, gabháil fhuilteach Dhroichead Átha ag Cromail sa bhliain 1649 agus 41 bliain níos déanaí an trasnú rathúil a rinne Uilliam Oráiste ar an mBóinn in

aice láimhe, in ainneoin gach iarracht a rinne a uncail agus a athair chéile, Séamas II, é a chosc ar a aistear ó Charraig Fhearghais go Baile Átha Cliath.

Sa chéad seo agus sinn ag druidim amach, tá súil againn, ó chúiseanna achrainn agus ó dhoirteadh fola, ní mór dúinn meas a bheith againn ar chomharthaí an ama atá caite, am a bhí foréigheach go minic, agus iad a chosaint ionas gur féidir linn foghlaim uathu agus uathu sin saol níos cothroma agus níos síochánta a chruthú. Cuid thábhachtach is ea an oidhreacht dár bhféiniúlacht agus dár dtuiscint ar an áit óna dtángamar. Ní mór dúinn cúram a dhéanamh de mar ghné riachtanach den dea-shaol do chách.

roinn
05

cuspoirí agus gníomhartha



Móta Chaisleán, Dhún Dealgan

Cuspóirí agus Gníomhartha

Dathchódú do ghnéithe éagsúla den oidhreacht sa tábla thíos

= Gach gné = Oidhreacht Tógtha C = Oidhreacht Cultúrtha N = Oidhreacht Nádúrtha

ERF 1: Fáil agus bainistiú sonraí príomha

Gach gné	
1	<p>Gach foinse eolas oidhreachta a bhaineann le Lugháí a shainaithint, go háirithe sonraí a bhailigh agus atá i seilbh na bhforas deonach áitiúil agus náisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.</p> <p>Féach cad iad na bearnaí a mbeidh tuilleadh taighde de dhíth orthu.</p> <p>Breis taighde a choimisiúnú agus a dhéanamh, nuair is gá.</p> <p>Eolas a chomhthiomsú (agus féach ERF 2, thíos).</p> <p>Fardail oidhreachta (bunachair sonraí) a sholáthar do Chontae Lugháí, lena n-áirítear mar shamplaí: droichid iarnróid agus míreanna bonneagair eile tréigthe nó iomarcach a dteastaíonn cothabháil rialta uathu.</p> <p>Éiceachórais luachmhara an chontae; níor deineadh suirbhé iomlán ar a bhformhór riamh.</p> <p>Rochtain phoiblí ar láithreacha oidhreachta, bhealaí poiblí, fhéarbhealaí, bealaí cósta agus limistéir a éilíonn bainistiú speisialta i dtaca le rochtain phoiblí orthu.</p> <p>Gach crann ársa; crann críoch-chomhartha; crann a bhaineann leis an mbéaloideas agus le traidisiúin; láithreacha ársa coillearnaigh; coillte seanbhunaithe (ó rinneadh an Chéad Suirbhé Ordanáis sa bhliain 1835); gach coill bhitheagsúil, leathnádúrtha; gach plandú stairiúil ainmnithe; dímeín; crannlanna.</p>
2	<p>Feasacht agus dearcthaí an phobail i leith na hoidhreachta a thomhas (mar staidéar bonnlíne agus chun críocha comparáid náisiúnta).</p>
Oidhreacht Tógtha	
3	<p>Suirbhé riochta a chur i gcrích ar gach cuimhneachán poiblí atá ‘ar chuma deilbh’.</p>
4	<p>Taighde a dhéanamh ar stair agus ar riocht na gcosaintí meánaoiseacha ar bhailte móracha stairiúla Lugháí. Pleananna gníomhaíochta leasúcháin, caomhnúcháin agus bainistíochta a réiteach. [Le cabhair ón oifigeach oidhreachta.]</p>

Oidhrecht Cultúrtha	
5	<p>Tacú le forbairt agus cur chun cinn Seirbhís Chartlanna agus Mhúsaeim an Chontae, acmhainní ríthábhachtacha do dhuine ar bith a bhíonn ag bronnadh, nó ag déanamh taighde ar, cháipéisí nó déantáin stairiúla atá bainteach leis an gceantar:</p> <p>(a) A chinntiú go ndéanfar bailiúcháin tosaíochta a phróiseáil laistigh d'achar réasúnta ama chun iad a chur ar fáil don phobal;</p> <p>(b) Cláir ghníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachasúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme;</p> <p>(c) A chinntiú go ndéanfar soláthar cuí stórála do na bailiúcháin ar fad;</p> <p>(d) Tacú le soláthar foireann oiriúnach tacaíochta;</p> <p>(e) Tacú le bronnadh cartlanna agus déantáin phríobháideacha ag daoine aonair, gnóthais, etc. trí scéim a cheapadh (dreasachtaí cánach, mar shampla).</p>
6	<p>Páirt a thabhairt do shaorálaithe agus do rannpháirtithe scéime i mbailiú, tiomsú agus chur chun cinn eolas ar an oidhrecht áitiúil. Go háirithe i dtaca le scéimeanna staire ó bhéal, trasríobh a dhéanamh ar obair an Choimisiúin Bhéaloideasa ó na 1930idí (nuair is gá). Saorálaithe a mhealladh chun bheith mar thaifeadóirí sonraí nuair a bhíonn ábhar nua á bhailiú, agus obair eile á tiomsú, á cartlannú agus á foilsiú.</p>

ERF 2: Léirmhiniú sonraí agus bainteacht agus feasacht níos mó ag an bpobal

Gach gné	
7	Eolas oidhreachta a dhéanamh níos infhaighte do neamhspeisialaithe (gnáthdhaoine, lena n-áirítear múinteoirí agus páistí scoile). Díriú go príomha ar scéilíní spéisiúla, neamhchoitianta, m.sh. cnuasach, b'fhéidir i bhfoirm bhileoige nó leabhráin, a sholáthar d'eolas inspéise "caoga ceann d'fhírící inspéise mar gheall ar oidhreacht Lugháí" – arbh féidir cur leis le himeacht aimsire.
8	<p>Straitéis Chumarsáide Oidhreacht Lugháí a fhorbairt chun oidhreacht an chontae a chur chun cinn i gcoitinne, ina mbeidh, mar shampla,</p> <ul style="list-style-type: none">• nuachtlitreacha ríomhphoist,• nuachtlitir páipéir ráithiúil,• léachtaí agus turais faoi threoir• cláir for-rochtana do chartlannn agus do mhúsaem an chontae• bileoga,• leabhráin,• preasráitis/clúdach,• clúdach raialta de cheisteanna oidhreacha ar raidió áitiúil• mionbhileoga eolais do shiopaí• cuidiú ó imeachtaí agus• Logo soiléir de chuid Oidhreacht Lugháí. <p>Láithreán gréasáin a fhorbairt d'Oidhreacht Lugháí (leis an ainm fearainn www.louthheritage.ie b'fhéidir).</p> <p>Gach eolas oidhreachta a chur ar fáil ar láithreán, agus ní i gcóip chrua amháin. Le ríomhmhapáil – ba cheart go mbeadh gach "láithreán oidhreachta" inchuadaithe le GIS an Idirlín.</p>
9	Eolas agus comhairle shoiléir agus inrochtana a sholáthar maidir leis na láithreacha éagsúla oidhreachta, a bheidh dírithe ar fhorbróirí, go háirithe, a dteastaíonn an t-eolas seo uathu.
10	<p>Clár straitéiseach oideachais/for-rochtana oidhreachta a fhorbairt do Lugháí, le haghaidh gach aoisghrúpa.</p> <p>Acmhainní áitiúla oideachais a fhorbairt, agus láithreáin áitiúla, inchuartaíochta etc. a aibhsiú.</p> <p>Curaclaim staire (agus ábhair eile) de Lugháí a fhorbairt, le haoichainteoirí, etc.</p>
11	Straitéis chontae a fhorbairt don tseachtain oidhreachta agus páirt a ghlacadh/buntáiste a bhaint as imeachtaí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar Lá na Bithéagsúlachta.

12	Cúrsaí ionductúcháin in oiliúint oidhreacht a sholáthar do gach ball foirne agus comhairleoir nua (agus don fhoireann agus do na comhairleoirí atá anois ann, le himeacht aimsire). Na rudaí is tábhachtaí a neosadh do chomhaltaí nua foirne (lena n-áirítear pleanálaithe) agus a rá leo cá háit is féidir leo tuilleadh a fháil amach dóibh féin, nuair a bhíonn sé uathu.
13	Tiomantas beartais phoiblí i bhfocail shoiléire a eisiúint ó na Comhairlí mar gheall ar fhorfheidhmiú.
14	Cláir theilifíse a bheadh inspéise do mhuintir an chontae a chóipeáil agus a chur ar fáil.
Oidhreacht Tógtha	
15	Daoine óga a mhealladh le páirt a ghlacadh i gcaomhnú na hoidhreacht trí rud faiseanta a dhéanamh den stair/den oidhreacht/den tseandálaíocht – a iarraidh ar réaltaí spóirt an cheantair, mar shampla Gary Kelly, agus ar imreoirí CLG Lúghaí an oidhreacht a chur chun cinn.
16	Scéim for-rochtana a bhunú d'fheirmeoirí. Feirmeoirí a chur ar an eolas maidir le gach mír thábhachtach oidhreacht agus gach mír cosanta (tógtha agus nádúrtha) ar a dtailte féin.
17	Feasacht a chothú i leith na hoidhreacht a measc forbróirí. Cláir oiliúna phoiblí agus acmhainní a cheapadh dóibh.
Oidhreacht Cultúrtha	
18	An Táin, Cúchulainn agus mar sin de a chur chun cinn. Naisc na Rúraíochta le Lúghaí a aibhsiú agus a chur chun cinn.
19	Treoirscéim a reachtáil chun ainmchláir na mbailte fearainn a chur in airde, chun na hainmneacha seo a chaomhnú agus feasacht a chothú ina dtaobh.
20	“Comhartha stairiúil” a chur in airde i ngach pobal, mainéar, tiarnacht – a bheidh mar leabhair staire ar leac. D'fhéadfaí an t-eolas seo a chur leis an láithrean gréasáin, leis an Idirlíon – GIS.
Oidhreacht Nádúrtha	
21	Clár Maor Trá/Faire Cósta a fhorbairt do scoileanna. Páistí scoile a mhealladh chun tabhairt faoi mhonatóireacht ar riocht líne an chósta/líne an chladaigh – iarr orthu páirt a ghlacadh i nglantachán a phleanáilfear agus a bhainisteofar go cúramach agus fadhbanna a thuairisciú le Rannóg Comhshaoil na Comhairle. Cinntigh go mbíonn an taithí tarraingteach agus lánbhrí dóibh siúd a bheas ag glacadh páirte. Leathnaigh clúdach árachais na Comhairle fad le grúpaí a bheidh ar na tionscadail seo.
22	Tábhacht na bhfálta sceach agus ‘Bainc Lúghaí’ a chur chun cinn agus feasacht a chothú i leith an gá atá le hiad a chaomhnú. Bileog/duilleachán a sholáthar mar gheall ar fhálta sceach agus ‘Bainc Lúghaí’ d'iarrthóirí ar chead pleanála.

23	Straitéis léirmhíniúcháin a fhorbairt don chontae mar gheall ar an oidhreacht nádúrtha/ar an bhfiadhúlra/ ar an ngeolaíocht. Bithéagsúlacht ghinearálta agus láithreáin chosanta go háirithe a chur chun cinn i measc an phobail agus i measc páistí scoile.
----	--

ERF 3: An cleachtas reatha a fheabhsú

Gach gné	
24	Ba cheart don chumarsáid a bheith níos córasaí, ionas go dtugtar scéala go huathoibríoch do dhaoine a gcaithfidh an t-eolas a bheith acu, seachas a bheith ag fáil amach faoi rudaí ‘de thimpiste’ – .is é sin, “bíodh dearadh níos fearr ar an lúb” Chuideodh sé sin chun eolas a roinnt ar bhealaí níos éifeachtaí, mar shampla, ceadúnais seandálaíochta, fionnachtana, meabhracháin bhliantúla maidir le ‘laethanta’ agus deireadh shéasúr ghearrtha na bhfálta.
25	Saineolas/eolas tacaíochta intí leanúnach ó speisialaithe a sholáthar do phleanálaithe agus d’innealtóirí, san oidhreacht nádúrtha agus ailtireachta agus sa tseandálaíocht, nuair is gá agus nuair a iarrtar é.Monatóireacht a dhéanamh ar iarratais fhorbartha a d’fhéadfadh damáiste a dhéanamh do láithreacha tábhachta oidhreachta.
26	Cúnamh agus comhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna oidhreachta, le gur féidir comhordú foriomlán a dhéanamh ar ghrúpaí áitiúla agus ar dheonacha oidhreachta m.sh. scéimeanna FÁS, Bailte Slachtmhara. Cuidigh leo nuair a bhíonn iarratais á ndéanamh ar chistiú agus nuair a bhíonn tionscadail le bainistiú.
27	Féach go bhfuil gach eolas ar chomharthaí agus mar sin de cruinn de réir na saineolaithe áitiúla (saorálaithe).
28	“Plean um Rochtain ar an Oidhreacht” a fhorbairt do Lughaí, ionas go mbeidh fáil níos fearr ag an bpobal ar oidhreacht Lughaí agus ar eolas ina taobh
29	Plean Oidhreacht a fhorbairt do Ghleann na Bóinne, i gcomhar le Comhairle Chontae na Mí. Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Comhtháite Forbartha a soláthraíodh sa bhliain 1996.
30	A chinntiú go ndéanfar Breithmheas Oidhreachta (mar chuid de Limistéar Oidhreachta Comhshaoil) maidir le gach plean forbartha (agus do phleananna mar iad).
31	Liosta tionscadal a fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd a moladh le linn an chomhairliúcháin phoiblí, a chabhródh chun cuspóirí agus gníomhartha an phlean seo a bhaint amach. Na tionscadail sin a chomhtháthú i gclár fheidhmiúcháin bhliantúla agus an t-airgead a lorg chun iad a chur i grích. Saineolas a fhorbairt maidir le cistiú do thionscadail oidhreachta agus cuidiú le tríú páirtithe a dtionscadal féin (agus foilseacháin san áireamh) a chistiú agus a rith, sa chás go dtacaíonn an fóram oidhreachta leo ach nach tosaíocht de chuid an fhórait iad.

Oidhreacht Tógtha	
32	Comhairleoir Séadchomharthaí Páirce a fhostú chun cigireacht a dhéanamh ar shéadchomharthaí páirce agus comhairle a thabhairt d'úinéirí talún maidir le dea-chleachtas bainistíochta.
33	<p>Na scéimeanna cistithe éagsúla um chaomhnú na haitireachta a chur chun cinn chun cuidiú le húinéirí na Struchtúr Cosanta. Cúnamh agus comhairle a sholáthar maidir le hiarratais ar chistiú mar é. Athchóiriú ar sheantithe a mhisniú, seachas iad a leagan agus cinn nua a thógáil ina n-áit. Féidearthachtaí cistithe breise a fhiosrú, lena n-áirítear stocaireacht le haghaidh scéimeanna eile faoisimh chánach, d'úinéirí na struchtúr cosanta agus b'fhéidir faoiseamh ó ghnéithe ar leith den tobhach forbartha.</p> <p>Dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le caomhnú foirgneamh. Feasacht a chothú maidir le caomhnú na haitireachta, agus dul i gcomhar leis an bpobal san áireamh, m.sh. Ráitis um Dhearthradh Sráidbhaile agus trí bileoga a sholáthar ar láithreacha um chaomhnú ailtireachta.</p>
34	Lontaobhas um Fhoirgnimh Lúghaí a chur ar bun, ciste rollta a d'fhéadfadh a chinntiú nach leagfaí foirgnimh thábhachtacha – go gceannófaí agus go gcothabhálfaí iad, agus go ndíolfaí iad dá éis agus an t-airgead a infheistiú san oidhreacht. Bíonn scéimeanna is cosúil leo seo á rith ag an gCumann Tithíochtaí Teallaigh i dTuaisceart Éireann i gcoitinne agus i gceantar Mhoirne i gContae an Dúin ag Lontaobhas Oidhreacht Mhoirne.
35	Eolas a chur ar fáil ar cheirdeanna oilte traidisiúnta atá ar fáil, teacht níos fearr a sholáthar ar shonraí teagmhála na sainchleachtóirí. A chinntiú go dtugtar scileanna ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile, mar shampla tógáil ballaí cloiche tirime, úsáid moirtéar aoil agus mar sin de, trí cheardlanna, seimineáir agus mar sin de a rith.
Oidhreacht Cultúrtha	
36	<p>Beartas foirmiúil logainmneacha a chur ar bun d'Údaráis Áitiúla Lúghaí.</p> <p>“Coiste Cultúrtha” a bhunú chun ainmneacha oiriúnacha a mholadh d'fhorbairtí nua.</p> <p>Ábhar lámhscríbhíne a soláthraíodh le linn taighde ar na logainmneacha oifigiúla Gaeilge ar áiteanna i Lúghaí a thiomsú sa Leabharlann Contae.</p> <p>Leabhrán/learscáil a sholáthar mar gheall ar logainmneacha i Lúghaí, le míniúcháin agus aistriúcháin. An t-eolas sin a chur ar fáil do scoileanna i bhfoirm paca oideachais.</p>
Oidhreacht Nádúrtha	
37	Plean bithéagsúlachta a sholáthar do Lúghaí agus na pleananna gníomhaíochtaí do speiceas /gnáthóga éagsúla a ghabhfaidh leis. Aird speisialta a dhíriú ar bhithéagsúlacht/ar ghnáthóga i gceantair uirbeacha. Monatóireacht a dhéanamh ar mhórlimistéir atá anois faoi chosaint, dála SPAanna agus SACanna, agus iad a chur chun cinn.

38	Plean Bainistithe Crios Cósta/Tuilemhá a sholáthar, chun cur chuige straitéiseach a chothú i leith bainistiú chrios an chósta, ardú ar leibhéal na farraige, cosaint an chósta, cúlú na farraige.
39	Beartas um Chosaint agus um Bainistiú Tírdhreacha Speisialta a fhorbairt. Tírdhreacha/limistéir roghnaithe den tuaith a bhfuil cosaint agus bainistiú uathu a mheasúnú agus féachaint ar shlite ina bhféadfaí sin a dhéanamh. Súil a choimeád ar imeachtaí trasna na teorann maidir le moltaí chun Páirc Náisiúnta Mhoirne a fhorbairt.
39	Beartas um Chosaint agus um Bainistiú Tírdhreacha Speisialta a fhorbairt. Tírdhreacha/limistéir roghnaithe den tuaith a bhfuil cosaint agus bainistiú uathu a mheasúnú agus féachaint ar shlite ina bhféadfaí sin a dhéanamh. Súil a choimeád ar imeachtaí trasna na teorann maidir le moltaí chun Páirc Náisiúnta Mhoirne a fhorbairt.
40	Plean Caomhnaithe Mara a fhorbairt do Lughaí.
41	Scéim a fhorbairt chun mionláithreacha bithéagsúlachta agus gnáthóga fiadhúlra nach n-ainmneofar choíche mar láithreacha náisiúnta nó idirnáisiúnta a chosaint. I gceist anseo bheadh ceannach, comhaontuithe bainistíochta agus ainmniú cosanta do láithreacha contae.
42	Coimeád na bhfálta sceach atá anois ar thaobh na mbóithre a chur chun cinn agus plandú a díghrádaíodh nó a cailleadh a athchur. Athphlandú réamh-mheasta a chur chun cinn i gcás fálta sceach a aithníodh le tabhairt ar shiúl in oibreacha bóthair pleanáilte amach anseo. Forfheidhmiú coinníollacha i gcás fálta sceach a neartú. Feabhas a chur ar chumarsáid idir rannóga pleanála agus bóithre na Comhairle chun a chinntiú nach gcuirtear coinníollacha contrártha i bhfeidhm ar iarrthóirí.
43	Imscrúdú agus leasú a dhéanamh ar an meath ar staid na n-aibhneacha – go háirithe Abha Bhaile an Chaisleáin. Leanúint le forbairt na bpleananna caomhnaithe dúiche abhantraigh (BIRO & Gníomhaireacht na Lochanna).

roinn
06

aguisíní



Séipéal Naomh Mochta, Sráidbhaile Lughai

Barr: Comhartha Barda, Dún Dealgan

Bun: Cuimhneachán ar Chogadh na Saoirse

Comhaltas Fhóram Oidhreachta Lugháí

Grúpa comhairleach, neamhreachtúil is ea an Fóram Oidhreachta, arna bhunú ag Údaráis Áitiúla Lugháí chun comhairle a sholáthar dóibh maidir le hullmhú agus cur chun feidhme an Phlean Oidhreachta. Tá an Fóram Oidhreachta comhdhéanta de chomhaltaí d'eagraíochtaí agus de ghrúpaí ó na ceithre phríomhearnáil (bunaithe ar chomhdhéanamh na gComhaontuithe Náisiúnta um Chomhpháirtíocht Shóisialta, mar is amhlaidh i gcás Bhord Forbartha an Chontae): Rialtas Áitiúil; Comhlachtaí Forbartha Áitiúla (LEADER etc.); an earnáil reachtúil agus na 'Comhpháirtithe Sóisialta' (Gnó, Ceardchumann; Lucht Feirmeoireachta, Lucht Pobail agus Lucht Deonach).

1 An Earnáil Rialtais Áitiúil

Is é Cathaoirleach an Fhórait an Comhairleoir Declan Breathnach, comhalta tofa de Chomhairle Chontae Lugháí agus Cathaoirleach an Bhord Forbartha Contae (BFC).

Is é an Comhairleoir Pádraig McKenny ionadaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia, an Comhairleoir Paul Bell ionadaí Chomhairle Bhuirge Dhroichead Átha agus an Comhairleoir Mark Dearey ionadaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Foireann na h-Údaráis Áitiúla Lugháí:

Breandán Mac Séarraigh, oifigeach oidhreachta (rúnaí an fhórait oidhreachta)

Jill Chadwick, oifigeach caomhantais

Brian Walsh, coimeádaí, Músaem an Chontae, Dún Dealgan

Ann Ward, Leabharlannaí an Chontae

Lorraine Buchanan, Cartlannaí an Chontae

Alison Condra, Oifigeach Turasóireachta

Tony Davis, Ceannasaí Airgeadais

Terry Savage, Pleanálaí Feidhmiúcháin/
Marguerite Quinn, Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach

Sean Molony, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Bonneagar (Bóithre)

2 An Earnáil Forbartha Áitiúla

Is í Maureen Ward ó chomhlacht LEADER Lugháí ionadaí na gComhlachtaí Forbartha Áitiúla. Is í Maureen a n-ionadaí ar an mBFC chomh maith.

3 Is iad ionadaithe na hEarnála Reachtúla ná:

Auriel Robinson/ Victor Buckley ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta (RCORA)

Maurice Eakin, Seirbhís Pháirceanna agus Fiadhúlra an RCORA

Eamon Cooney, Coiste Gairmoideachais Lugháí (comhalta den BFC)



Martin Maguire, ITDD

Derick Anderson, Gníomhaireacht na Lochanna

Michaela Kirrane, Bord Iascaigh Réigiún an Oirthir

Martina O'Dwyer, Eagraíocht Turasóireachta Réigiúnach an Chósta Thoir agus Lár na Tíre

Niall O Lamhna, Teagasc Lugháí

Seamus Dunne/Suzanne Jones, Cigirí Foraoiseachta, An tSeirbhís Foraoiseachta

4 Is iad comhaltaí na bPáirtithe Sóisialta:

- a Lucht Gnó – Pauric McKeivitt, Cumann Trádála Dhún Dealgan agus Eugene Kierans ó Chumann Trádála Dhroichead Átha
- b Lucht Feirmeoireachta - Liam Woods, CFÉ (ionadaí BFC)
- c Lucht Pobail agus Deonach – Breeda Tuite (ionadaí BFC)

Cumainn Staire Áitiúla

Noel Ross (CSSCL)

Betty Quinn (Cumann Sean-Dhroichead Átha)

Ann McNee (Iontaobhas Oidhreachta Loch Chairlinn)

Cumainn Fiadhúlra

Frank O'Reilly (Cairde Éanlaith Éireann, Gleann na Bóinne)

Penny Butler (Earthwatch Dhroichead Átha)

Comhaltaí breise de na Grúpaí Oibre

(a bhí i láthair agus a ghlac páirt in obair na dtrí sainghrúpa agus nach comhaltaí den fhóram oidhreachta iad)

An Oidhreacht Thógtha

Tom Reilly, Cumann Caomhnaithe Shéadchomharthaí Dhroichead Átha, staraí agus údar

Nick Reilly, Bainisteoir Tionscadail agus Stiúrthóir Gníomhach Ghallery Highlanes, Droichead Átha

Gavin Collins, forbróir maoine (agus iarseandálaí), Droichead Átha.

An Oidhreacht Chultúrtha

Brian Harten, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Chontae Lugháí

Síle O'Sullivan, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Bhaile Dhún Dealgan

An Oidhreacht Nádúrtha

Breffi Martin, Cathaoirleach Chraobh Lugháí Thuaidh de Cairde Éanlaith Éireann

Rannpháirtíocht sa chéad phróiseas combhairliúcháin poiblí



Áit	Dáta:	Uaslíonn i Láthair	Foirmeacha*	Céatadán
Dún Dealgan	17/11/2005	29	22	75.9
Baile Átha Fhirdhia	22/11/2005	9	7	77.8
Cairlinn	23/11/2005	17	8	47.1
Droichead Átha	24/11/2005	17	14	82.4
	IOMLÁN	72	51	70.8

*Foirmeacha freagartha a fuarthas ar ais, a bailíodh ag an gcrúinniú, nó a cuireadh sa phost.

Aighneachtaí scríofa (agus aighneachtaí ríomhphoist san áireamh)

Teideal	Ainm	Teaghlach	Ábhar
Mr	Canice	O'Mahony	Deacrachtaí maidir le stair áitiúil a fhoilsiú
Ms.	Deirdre	Howard Russell	Láithreacha agus séadchomharthaí éagsúla i nDroichead Átha
Ms	Bernadette	Martin	Fiadhúlra i gCairéil Bhaile Bhois
Mr	John	Woods	Ceart slí phoiblí i gceantar Chairlinn
Dr	Paul	Gosling	Ealaín charraige agus uaimheanna faoi thalamh i Lugháí
Mr	Owen	McCann	Éagsúla, i gceantar Chuaille
Ms	Nicola	Carroll	Fálta sceacha, tithe tréigthe, caillteanas bithéagsúlachta
Mrs	Anne	Callan-Doherty	Cuairteanna ar scoileanna

Barr: Túr na Maigdileana, Droichead Átha

Lár: “Bainc Lugháí”

Bun: Armas Chairlinn

Mrs	Catherine	Duncan et alia	Cairlinn
Mr	Brian	Hanratty	Droichead Átha agus Cath na Bóinne
Mr	Eddie	Quinn	Droichead Átha, agus na ballaí go háirithe
Mr	Michael	Harris-Barke	Cairlinn
Mr	Breffni	Martin	Fiadhúlra i gceantair Dhún Dealgan agus Chairlinn
Ms	Sarah	Fields	An fiadhúlra i gcoitinne
Ms	Marguerite	Arbuthnot-O'Brien	Crainn agus coillte
Mr	Roger	Garland	Rochtain an phobail ar an tuath

Aighneachtaí scríofa (agus ríomhphoist san áireamh) ar an dréacht-phlean oidhreacht (Iúil-D.F. 2006).

Ms	Breeda	Tuite	Tuairimí ginearálta
Mr	Breffni	Martin	Suirbhéireacht ar láithreacha fiadhúlra
Dr	Sarah	Gatley	Oidhreacht geolaíoch Lúghaí
Mr	Larry	Magnier	Tuairimí ginearálta
Mr	Paul	Keane	Gairdín finscéalaíochta i Lúghaí
Mr	John	Woods	Saorálaithe a úsáid chun acmhainní a choigilt
Mr	Pat	McKenna	Feasacht a chothú i leith thábhacht ár bhfálta sceach
Mr	Roger	Garland	Rochtain phoiblí ar an tuath

Móide tuairimí a rinne comhaltaí foirne de chuid Údaráis Áitiúla Lúghaí

Barr: Stáisiún Dhún Dealgan

Lár: Teachín Ceanntuí

Bun: Seanteach Scoile Bhaile an Tallúnaigh



Reachtaíocht Oidhreachta Náisiúnta Agus AE A Bhaineann Le Hábbhar

Reachtaíocht Phleanála & na hOidhreachta Thógtha:

- An tAcht um Fardal Náisiúnta den Oidhrecht Ailtireachta, 1999
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Achtanna Pleanála agus Forbartha, 1963-1999)
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
- An tAcht Oidhreachta, 1995
- Treoir 85/337/EEC ón gComhphobal Eorpach — re. Measúnacht um Tionchar ar an gComhshaol
- Treoir 2001/42/EEC ón gComhphobal Eorpach — re. Measúnacht Straitéiseach ar an gComhshaol

Oibiachtaí Seandálaíochta agus Ailtireachta:

- Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 agus leasaithe dá éis de 1954, 1987, 1994 & 2004.
- An tAcht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997

An Oidhrecht Nádúrtha:

- An tAcht um Fhiadhúlra, 1976.
- An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000.
- Treoir Éan (Treoir 79/409/CCE ón

gComhairle) ón AE, 1979 (trasuite 1985).

- Treoir Éan (Treoir 92/43/CCE ón gComhairle) ón AE, 1992 (trasuite 1997).

Oibiachtaí Oidhreachta/ Músaeim agus Cartlanna:

- An tAcht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994

Tírdhreacha agus Gairdíní Oidhreachta agus Páirceanna:

- An tAcht Rialtais Áitiúil (Achtanna Pleanála agus Forbartha, 1963-1999)
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Cartlanna agus Bainistiú Taifead:

- Acht na gCartlanna Náisiúnta, 1986
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988
- Rialacháin Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol) 1998
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1994 agus 2001
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998
- An tAcht Ríomhthrachtála, 1999
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
- AntAchtSláinteagusSábháilteachta, 1989
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- ISO 15489, 2001

Coinbhinsiún Idirnáisiúnta:

- Coinbhinsiún UNESCO um chosaint Oidhreachta Chultúrtha agus Nádúrtha an Domhain (daingnithe 1992).

Seandálaíocht:

- Coinbhinsiún na hEorpa um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Valletta), 1997.

Ailtireacht:

- Coinbhinsiún na hEorpa um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Ghranada), 1997.
- Cairt Bhurra glactha 1999.

An Oidhreacht Nádúrtha:

- Coinbhinsiún ar Chaomhnú Gnáthóga Fiadhúlra agus Nádúrtha

na hEorpa (Coinbhinsiún Bherne), 1979 (arna dhaingniú, 1982).

- Coinbhinsiún um Chaomhnú Speiceas Imirceacha d'Ainmhaithe Fiáine (Coinbhinsiún Bhonn), 1979 (arna dhaingniú, 1983))
- Comhaontú um Chaomhnú Ialtóga sna Eoraip (Coinbhinsiún Bhonn), 1993 (arna dhaingniú, 1995)
- Coinbhinsiún um Thailte Fliucha a mBaineann Tábhacht. Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar, 1971.
- Coinbhinsiún um Bithéagsúlacht, 1992 (arna dhaingniú, 1996)
- Coinbhinsiún um Thrádáil Idirnáisiúnta i Speiceas atá i mBaol, 1974.
- Comhaontú um Chaomhnú Éan Uisce Imirceacha Afraiceacha-Eoráiseacha (Coinbhinsiún Bhonn), 1996
- Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 1994 (1996).
- Straitéis PhainEorpach um Bithéagsúlacht agus Éagsúlacht Tírdhreacha, (formhuinithe 1995).

Tírdhreach:

- Coinbhinsiún Tírdhrechtaithe na hEorpa, 2000 (arna dhaingniú, 2002)

Leabharliosta



Barr: Caisleán Chairlinn

Lár: Collann

Bun: Reilig na Tríonóide Ró-Naofa

- An Plean Náisiúnta Oidhreachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 2002
- An Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 2002
- Suirbhé Seandálaíochta Chontae Lú, Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann, Oifig na n-Oibreacha Poiblí, 1991
- Plean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2002
- Plean Oidhreachta Laoise, Comhairle Chontae Laoise, 2002
- Plean Oidhreachta Uíbh Fhailí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, 2002 (neamhfhoilsithe)
- Plean Oidhreachta Shligigh, Comhairle Chontae Shligigh, 2002
- Plean Oidhreachta Cheatharlach, Comhairle Chontae Cheatharlach, 2003
- Plean Oidhreachta an Chláir, Comhairle Chontae an Chláir, 2003
- FhPlean Oidhreachta Fhine Ghall, Comhairle Chontae Fhine Ghall, 2005
- Plean Oidhreachta na hIarmhí, Comhairle Chontae na hIarmhí, 2003
- Plean Oidhreachta Chill Mhantáin. Comhairle Chontae Chill Mhantáin, 2004
- Modheolaíocht le haghaidh Oifigigh Oidhreachta de chuid Údaráis Áitiúla um Ullmhú Phleananna Oidhreachta Contae/Cathracha, An Chomhairle Oidhreachta, neamhfhoilsithe.
- Creat agus Prionsabail um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 1999
- Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta – Treoirínte d'Údaráis Phleanála, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 2002
- Measúnú ar Ainmniúcháin Chomhshaoil in Éirinn, An Chomhairle Oidhreachta, 1996
- Treoirínte um Fhorbairt agus Marcáil Slite Marcáilte, An Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Spóirt na hÉireann, 2002
- Contae Lugháí – An Suirbhé Seandálaíochta Uirbí, Oifig na n-Oibreacha Poiblí, 1983 (neamhfhoilsithe)
- Oidhrecht Loch Garman agus Dúshlán an Athraithe, Comhpháirtíocht Chontae Loch Garman, 2001
- Cúram & Caomhnú Reiligi, Dúchas – An tSeirbhís Oidhreachta, 1997
- Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha – Dréachthreoirínte, an RCRA, 2000